Iris Oifigiúil
an Aontais Eorpaigh

GA
Sraith C

C/2026/594

24.2.2026

**P10_TA(2025)0073**

# Leasuithe ar na Rialacháin Sláinte Idirnáisiúnta atá san Iarscríbhinn a ghabhann le Rún WHA77.17 agus a glacadh an 1 Meitheamh 2024

**Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 6 Bealtaine 2025 ar an dréachtchinneadh ón gComhairle lena n-iarrtar ar na Ballstáit, chun leas an Aontais Eorpaigh, glacadh leis na leasuithe ar na Rialacháin Sláinte Idirnáisiúnta (2005) atá san Iarscríbhinn a ghabhann le Rún WHA77.17 agus a glacadh an 1 Meitheamh 2024 (17046/2024 – C10-0005/2025 – 2024/0299(NLE))**

**(Toiliú)**

(C/2026/594)

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

— ag féachaint don dréachtchinneadh ón gComhairle (17046/2024),

— ag féachaint don iarraidh ar thoiliú a thíolaic an Chomhairle i gcomhréir le hAirteagal 168(5) agus Airteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a)(iii) agus (v), den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (C10-0005/2025),

— ag féachaint do Riail 107(1) agus (4) agus Riail 117(7) dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don mholadh ón gCoiste um Shláinte Phoiblí (A10-0064/2025),

1. ag tabhairt a toilithe don dréachtchinneadh ón gComhairle;

2. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún, agus chuig rialtais agus parlaimintí na mBallstát.